

# Achoimre ar shaintréithe an táirge le haghaidh táirge bithicídeach

**Ainm an táirge:** Laxsan

**Cineál nó cineálacha táirge:** PT03 - Sláinteachas tréidliachta (Dífhabhtáin)

PT03 - Sláinteachas tréidliachta (Dífhabhtáin)

**Uimhir an údaraithe:** EU-0030143-0000

**Uimhir thagartha sócmhainne  
R4BP 3:** EU-0030143-0002

## Clár Ábhar

FAISNÉIS RIARACHÁIN	1
1.1. Trádainmneacha an táirge	1
1.2. Sealbhóir an údaraithe	1
1.3. Déantóir/déantóirí na dtáirgí bithicídeacha	2
1.4. Déantóir (nó déantóirí) na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha	2
2. COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TÁIRGE	2
2.1. Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an táirge bhithicídigh	2
2.2. Cineál foirmlithe	3
3. RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM	3
4. ÚSÁID (nó ÚSÁIDÍ) ÚDARAITHE	3
5. TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE	7
5.1. Treoracha úsáide	7
5.2. Bearta maolaithe riosca	7
5.3. Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint	7
5.4. Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte	8
5.5. Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála	8
6. FAISNÉIS EILE	8

# FAISNÉIS RIARACHÁIN

## 1.1. Trádainmneacha an táirge

Laxsan
Hexsan
Lactopost R
Laxsan R
Hexfoam
Deosan LA1
Hexsan Extra
Hexsan Plus
Laxsan Plus
Laxsan Extra
Hexsan R
LA1
Condition Pink

## 1.2. Sealbhóir an údaraithe

<b>Ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe</b>	Ainm	Arrow Regulatory (Ireland) Limited
	Seoladh	The Black Church St. Mary's Place D07 P4AX Dublin Éire
<b>Uimhir an údaraithe</b>	EU-0030143-0000 1-1	
<b>Uimhir thagartha sócmhainne R4BP 3</b>	EU-0030143-0002	
<b>Dáta an údaraithe</b>	03/10/2023	
<b>Dáta éaga an údaraithe</b>	30/09/2033	

### 1.3. Déantóir/déantóirí na dtáirgí bithicéideacha

<b>Ainm an déantóra</b>	Quat-Chem Ltd. A Neogen Company
<b>Seoladh an déantóra</b>	1-4 Sandfield Industrial Park, Dodgson Street, Rochdale OL16 5SJ Lancashire An Ríocht Aontaithe
<b>Suíomh na láithreán déantúsaíochta</b>	1-4 Sandfield Industrial Park, Dodgson Street, Rochdale OL16 5SJ Lancashire An Ríocht Aontaithe

### 1.4. Déantóir (nó déantóirí) na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha

<b>Substaint ghníomhach</b>	1322 - Aigéad L-(+)-lachtach
<b>Ainm an déantóra</b>	Purac Biochem bv
<b>Seoladh an déantóra</b>	Arkelsedijk 46 4206 AC Gorinchem An Ísiltír
<b>Suíomh na láithreán déantúsaíochta</b>	Arkelsedijk 46 4206 AC Gorinchem An Ísiltír

<b>Substaint ghníomhach</b>	1322 - Aigéad L-(+)-lachtach
<b>Ainm an déantóra</b>	Jungbunzlauer S. A
<b>Seoladh an déantóra</b>	Z.I. et Portuaire, B.P. 32 FR-67390 Marckolsheim An Fhrainc
<b>Suíomh na láithreán déantúsaíochta</b>	Z.I. et Portuaire, B.P. 32 FR-67390 Marckolsheim An Fhrainc

## 2. COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TÁIRGE

### 2.1. Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an táirge bhithicídigh

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lachtach		Substaint Ghníomhach	79-33-4	201-196-2	4

## 2.2. Cineál foirmlithe

AL - Aon leacht eile

## 3. RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM

### Ráitis ghuaise

Ina chúis le greannú craicinn.  
Ina chúis le damáiste tromchúiseach don tsúil.

### Ráitis réamhchúraim

Caith lámhainní cosanta.  
Caith súilchosaint.  
Nigh lámha go maith tar éis láimhsithe.  
MÁ DHÉANTAR TEAGMHÁIL LE SÚILE: Sruthlaigh go cúramach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú.  
Glaigh láithreach ar dochtúir.  
MÁ DHÉANTAR TEAGMHÁIL LE CRAICEANN: Nigh le neart uisce.  
Má tharlaíonn greannú craicinn: Faigh comhairle leighis.  
Má tharlaíonn greannú craicinn: Faigh cóir leighis.  
Bain na héadaí éillithe go léir. Agus nigh roimh athúsáid.  
Diúscair ábhar chuig pointe bailiúcháin le haghaidh dramhaíola speisialta nó guaiseach, i gcomhréir le rialacháin náisiúnta.  
Diúscair coimeádán chuig pointe bailiúcháin le haghaidh dramhaíola speisialta nó guaiseach, i gcomhréir le rialacháin náisiúnta.

## 4. ÚSÁID (nó ÚSÁIDÍ) ÚDARAITHE

### 4.1 Tuairisc úsáide

#### ÚSÁID 1 - Úsáid # 1.1 – Díghalrú sine iar-bhleáin – Tumadh láimhe

#### An cineál táirge

PT03 - Sláinteachas tréidliachta (Dífhabhtáin)

**Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe**

-

**Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)**

Ainm eolaíoch: Baictéir  
Gnáthainm: Baictéir  
Céim na forbartha: -

Ainm eolaíoch: Giostaí  
Gnáthainm: Giostaí  
Céim na forbartha: -

**Réimse (nó réimsí) úsáide**

Faoi dhíon

Díghalrú sine iar-bhleáin ag tumadh láimhe le cupán tumtha

**Modh (nó modhanna) úsáide**

Airí modha: Tumadh láimhe le cupán tumtha  
Tuairisc mhionsonraithe ar an airí:

Am teagmhála don tumadh ar 30 °C i ndálaí salach:  
- 5 nóim do bhaictéir agus giostaí.

**Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe**

Airí úsáide: 5 go 10ml in aghaidh sine  
Airí caolaithe: Táirge RTU (réidh le húsáid)  
Airí uainithe:  
suas go dtí dhá uair sa lá

**Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí**

Gairmiúil

**Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta**

coimeádán 1000 lítear poileitiléin ard-dlúis (HDPE) le dúntán HDPE;  
druma plaisteach 200 lítear le dúntán HDPE;  
ceaig 25 lítear HDPE le caidhp scríú DIN 61 HDPE nó a coibhéis;  
ceaig 5 lítear HDPE le caidhp scríú DIN 51 HDPE nó a coibhéis.

#### 4.1.1 Treoracha úsáidsonracha úsáide

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.  
Ní mór an táirge a fhorchur iarbhleáin le chupán tumtha.  
Réamh-ghlan sine le héadach tirim, doirt an táirge isteach ar thaiscumar an chupáin tumtha. Nuair a úsáidtear cupán tumtha, cuirtear an cupán le gach aon sine i ndiaidh a chéile agus fáisceann an t-oibreoir an táirge ón taiscumar isteach sa chupán. Tá comhla neamh-fhillte ag an gcupán ionas nach féidir le haon táirge iarmhartach dul ar ais isteach sa taiscumar.

#### 4.1.2 Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

#### 4.1.3 I gcás ina mbaineann sé go sonrath le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

#### 4.1.4 I gcás ina mbaineann sé go sonrath le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

#### 4.1.5 I gcás ina mbaineann sé go sonrath le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

## 4.2 Tuairisc úsáide

### ÚSÁID 2 - Úsáid # 1.2 – Díghalrú sine iar-bhleáin - spraeáil

<b>An cineál táirge</b>	PT03 - Sláinteachas tréidliachta (Dífhabhtáin)
<b>Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe</b>	-
<b>Spríocorgánach (nó spríocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)</b>	Ainm eolaíoch: Baictéir Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: -  Ainm eolaíoch: Giostaí Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: -
<b>Réimse (nó réimsí) úsáide</b>	Faoi dhíon  Díghalrú sine iar-bhleáin le spraeire boise
<b>Modh (nó modhanna) úsáide</b>	Airí modha: Spraeáil láimhe le spraeire boise Tuairisc mhionsonraithe ar an airí:  Amanna teagmhála don spraeáil ar 30 °C i ndálaí salach: - 5 nóim do bhaictéir agus giostaí.
<b>Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe</b>	Airí úsáide: 5 go 10ml in aghaidh sine

	Airí caolaithe: táirge RTU Airí uainithe: suas go dtí dhá uair sa lá
<b>Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí</b>	Gairmiúil
<b>Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta</b>	coimeádán 1000 lítear HDPE le dúntán HDPE; druma plaisteach 200 lítear le dúntán HDPE; ceaig 25 lítear HDPE le caidhp scríú DIN 61 HDPE nó a coibhéis; ceaig 5 lítear HDPE le caidhp scríú DIN 51 HDPE nó a coibhéis.

#### 4.2.1 Treoracha úsáidsonracha úsáide

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.  
Ní mór an táirge a fhorchur iarbhleáin le spraeire boise.  
Réamh-ghlan sine le héadach tirim, doirt an táirge isteach ar thaiscumar an spraeire. Déanfaidh an t-oibreoir spraeáil do gach ainmhí uair amháin i ndiaidh bleáin.

#### 4.2.2 Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.  
Ní mór d'úsáideoirí gairmiúla a chinntiú nach bhfuil daoine timpeall sa limistéar cóireála le linn próisis díghalraithe le spraeáil. Más gá do dhaoine gairmiúla a bheith i láthair, ní mór d'úsáideoirí gairmiúla a chinntiú go gcaitheann na daoine atá ar an láthair an cineál céanna TCP leis an oibreoir féin.

#### 4.2.3 I gcás ina mbaineann sé go sonrath le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

#### 4.2.4 I gcás ina mbaineann sé go sonrath le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

#### 4.2.5 I gcás ina mbaineann sé go sonrath le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála



Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

## 5. TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE

### 5.1. Treoracha úsáide

Féach freisin na treoracha ginearálta le haghaidh úsáid meitea-SPC 1.

Léigh an lipéad nó an bhileog i gcónaí roimh úsáid.

Ní mór an táirge a thabhairt chuig teocht an tseomra sula n-úsáidtear é. Braitheann an méid táirge a chuirtear ar an sine ar an ainmhní á chóireáil. Do mhamaigh móra (ba, camail) - suas go dtí 10ml in aghaidh sine, agus do mhamaigh beaga (caora, gabhair) - suas go dtí 5ml in aghaidh sine. Cinntigh go bhfuil na siní clúdaithe go hiomlán le díghalrán. Chun go leor ama teagmhála a chinntiú, ní mór a bheith cúramach gan an táirge a bhaint i ndiaidh a fhorchurtha (m.s. coinnigh na ba ag seasamh ar a laghad 5 nóiméad).

### 5.2. Bearta maolaithe riosca

Tá sé éigeantach cosaint súl a úsáid atá i gcomhréir le chaighdeán Eorpach EN ISO 16321 nó a choibhéis le linn láimhseáil an táirge.

Seachain aistriú ón lámh go dtí an súil.

Caith lámhainní friotáoch ceimiceacha cosantacha le linn céime láimhseála an táirge (lámhainní nítríle — atá aicmithe faoi chaighdeáin Eorpacha EN ISO 374 nó EN 455 nó a chomhbhéis).

Tá teidil iomlána na gcaighdeán Eorpach a léirítear anseo iad ar fáil faoi alt 6.

### 5.3. Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS AN gCRAICEANN: Nigh láithreach le neart uisce. Ina dhiaidh sin, bain díot aon éadaí éillithe agus nigh iad sula n-úsáidfidh tú iad arís. Lean ort ag nigh an chraicinn le huisce ar feadh 15 nóiméad. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS NA SÚILE: Sruthlaigh láithreach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Tóg amach na tadhall-lionsaí, más ann dóibh agus más furasta é sin a dhéanamh. Lean ag sruthlú ar feadh 15 nóiméad ar a laghad. Cuir glao ar 112/otharcharr chun cúnamh leighis a fháil.

MÁ IONANÁLAÍTEAR: Tabhair amach faoin aer agus coimeád socair i suíomh atá compordach d'análú. Má tá comhartha sóirt ann: Cuir glao ar 112/otharcharr chun cúnamh leighis a fháil. Mura bhfuil comharthaí sóirt ann: Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

MÁ SHLOGTAR: Sruthlaigh béal láithreach. Tabhair rud éigin le hól, má tá an duine arna nochtadh in ann slogadh. NÁ spreagtar urlacan. Cuir glao ar 112/otharcharr chun cúnamh leighis a fháil.

#### 5.4. Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte

Ag deireadh na cóireála, faigh réidh leis an táirge nár úsáideadh agus leis an bpacáistiú i gcomhréir le ceanglais áitiúla. Is féidir táirge nár úsáideadh a shruthlú isteach sa séarach bardasach nó a dhiúscairt i spruadar an aoiligh ag brath ar na ceanglais áitiúla. Ná scaoil isteach in ionad cóireála fuíolluisce aonair é.

#### 5.5. Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála

Coimeád as aimsiú leanaí.  
Stóráil a bhun-choimeádán dúnta go teann.  
Stóráil idir 0 °C agus + 30 °C.  
Seilfré: 24 mí

#### 6. FAISNÉIS EILE

Is iad seo a leanas teidil iomlána na gcaighdeán Eorpach dá dtagraítear i roinn 5.2 'Bearta maolaithe riosca':  
EN ISO 16321 - Cosaint súl agus aghaidhe le haghaidh úsáid ceirde  
EN ISO 374 – Lámhainní cosanta in aghaidh ceimiceán agus miocroorgánach contúirteach  
EN 455 - Lámhainní leighis le haghaidh úsáid aonair